Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2024–2025

# Eolaíocht Teastais Shingil: Fisic

Aonad 3

Bonnsraith

**[GSA31]**

*GSA31*

**DÉ CÉADAOIN 13 SAMHAIN 2024, MAIDIN**

**AM**

1 uair an chloig.


**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh ceisteanna le dúch dubh agus bain úsáid as peann luaidhe HB dorcha do líníochtaí agus do ghraif. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **naoi** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá cead agat áireamhán eolaíoch a úsáid.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **7**.

**1** **(a)** Taispeánann na léaráidí thíos léamha méadair leictreachais trí mhí óna chéile.




**Trí mhí ó shin** | **Inniu**

**(i)** Úsáid na léamha méadair sin le líon na n-aonad leictreachais a úsáideadh le linn na dtrí mhí sin a ríomh.


**Taispeáin do chuid oibre.**

_____________________ aonad [2]

**(ii)** Tá costas 20p ar gach aonad leictreachais.
Ríomh an costas tí sin do na trí mhí sin.

_____________________ p [1]

**(b)** Taispeánann an léaráid thíos plocóid thrí phionna.




**(i)** Cé acu sreang **A**, **B** nó **C** arb í an tsreang thalmhaithe í?

_______________ [1]

**(ii)** Comhlánaigh an abairt seo a leanas le feidhm na sreinge talmhaithe a mhíniú.

Roghnaigh ó:

**sruth** **voltas** **friotaíocht**

Má tharlaíonn fabht i bhfearas cuirfidh an tsreang thalmhaithe conair

ina bhfuil _______________ íseal ar fáil don

_______________ le sreabhadh go dtí an talamh. [2]

**(c)** Taispeánann an grianghraf thíos citeal atá inslithe go dúbailte.



**(i)** Mínigh an dóigh a bhfuil an citeal sin inslithe go dúbailte.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

Tá rátáil chumhachta 1200 W ag an chiteal sin.

**(ii)** Úsáid an chothromóid:

$$\textbf{sruth} = \frac{\textbf{cumhacht}}{\textbf{voltas}}$$

leis an tsruth atá ag sreabhadh a ríomh nuair atá an citeal sin ceangailte den phríomhchumhacht 240 V.

**Taispeáin do chuid oibre.**

_________________ A [2]

**(iii)** Cé acu fiús ba chóir a úsáid i bplocóid an chitil sin?


Ciorclaigh do fhreagra.

**1 A** **3 A** **5 A** **13 A**

[1]

**2** **(a)** Taispeánann an grianghraf thíos 2000 J d'fhuinneamh ag dul isteach in inneall cairr.

2000 J d'fhuinneamh ceimiceach →



→ 500 J d'fhuinneamh úsáideach

→ cur amú fuinnimh

**(i)** Ainmnigh cineál **amháin** de chur amú fuinnimh atá táirgthe ag inneall cairr.

______________________________ [1]

**(ii)** Ríomh an méid fuinnimh atá curtha amú ag an inneall sin.

______________ J [1]

**(iii)** Úsáid an chothromóid:

$$\textbf{éifeachtúlacht} = \frac{\textbf{fuinneamh úsáideach amach}}{\textbf{fuinneamh iomlán isteach}}$$

le héifeachtúlacht an innill sin a ríomh.

**Taispeáin do chuid oibre.**

______________ [2]

Taispeánann an pictiúr thíos an taobh istigh de charr i ndiaidh taisme.




**(b)** Ainmnigh **dhá** ghné shábháilteachta atá ar taispeáint sa phictiúr sin.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**


3 **(a)** Taispeánann an léaráid thíos gineadóir simplí a úsáidtear le sruth leictreach a tháirgeadh.




Taispeánann an tábla thíos an dóigh a n-athraíonn méid an tsrutha a tháirgtear le líon na gcornaí sreinge a úsáidtear.

| **Líon na gcornaí sreinge** | **Sruth/mA** |
|---|---|
| 5 | 0.2 |
| 10 | 0.4 |
| 15 | 0.6 |
| 20 | 0.8 |
| 25 | 1.0 |

**(i)** Ar an eangach thíos, breac agus tarraing líneghraf do na torthaí sin.




[3]

**(ii)** Cad é an tátal is féidir a bhaint as na torthaí sin?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(iii)** Luaigh **aon** toisc **amháin** eile a mhéadódh méid an tsrutha a tháirgtear.

______________________________________________ [1]

**(b)** Anseo thíos tugtar ainmneacha na gcomhpháirteanna a fhaightear i stáisiún cumhachta breosla iontaise.

**dóire** → **coire** → **tuirbín** → **gineadóir**

**(i)** Úsáid línte le gach comhpháirt a mheaitseáil lena feidhm.

| **Comhpháirt** | **Feidhm** |
|---|---|
| dóire | tiontaíonn uisce ina ghal |
| coire | tiontaíonn breoslaí iontaise ina dteas |
| tuirbín | rothlaíonn maighnéad taobh istigh de ghineadóir |

[2]

**(ii)** Ainmnigh comhpháirteanna an stáisiúin cumhachta ina dtarlaíonn na hathruithe fuinnimh seo a leanas.

fuinneamh cinéiteach ⟶ fuinneamh leictreach

________________________________

fuinneamh ceimiceach ⟶ fuinneamh teasa

________________________________

[2]


**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**[Tiontaigh an leathanach**

**4 (a)** Léiríonn an léaráid thíos an Grianchóras.




**(i)** Ainmnigh na pláinéid lipéadaithe **B** agus **G**.

**B** ______________________________

**G** ______________________________ [2]

**(ii)** Ainmnigh **aon** phláinéad gáis **amháin**.

______________________________ [1]

**(iii)** Ar an léaráid thuas, ciorclaigh an pláinéad arb é an ceann is fuaire é. [1]

Faightear an chuid is mó d’astaróidigh an Ghrianchórais ag fithisiú idir Mars agus Iúpatar. Uaireanta, is féidir le hastaróideach briseadh amach agus bualadh faoi phláinéid eile nó faoi ghealacha eile.

**(b)** Luaigh **aon** phíosa **amháin** d’fhianaise a thaispeánann gur bhuail astaróidigh ár ngealach san am a chuaigh thart.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

**(c)** Tugann an tábla thíos trastomhas (méid) agus imtharraingt cúig phláinéad **P**, **Q**, **R**, **S** agus **T**.

| Pláinéad | Trastomhas/ m × $10^6$ | Imtharraingt/ N/kg |
|---|---|---|
| **P** | 4.8 | 3.6 |
| **Q** | 12.8 | 9.8 |
| **R** | 6.8 | 3.8 |
| **S** | 140 | 26.0 |
| **T** | 40 | 14.1 |

**(i)** Cad é an ghaolmhaireacht, má tá gaolmhaireacht ar bith ann, idir trastomhas agus imtharraingt na bpláinéad sa tábla? Mínigh do fhreagra.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

**(ii)** Úsáid an chothromóid:

**meáchan = mais × imtharraingt**

le meáchan spásaire 80 kg ar phláinéad **R** a ríomh.

**Taispeáin do chuid oibre.**

____________________ N [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

**5** **(a)** Taispeánann an tábla thíos an dóigh a meastar go n-athróidh céatadán an tsoláthair dhomhanda fuinnimh idir 2011 agus 2040.

| | **Céatadán an tsoláthair dhomhanda fuinnimh** | |
|---|---|---|
| **Foinse fuinnimh** | **2011** | **2040** |
| bithmhais | 4 | 7 |
| hidrileictreach | 3 | 5 |
| núicléach | 8 | 9 |
| gual | 20 | 18 |
| gás | 26 | 28 |
| ola | 37 | 30 |
| foinsí in-athnuaite fuinnimh eile | 2 | 3 |

**(i)** Cad é a chiallaíonn an téarma fuinneamh in-athnuaite?

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an breosla iontaise ar dócha go dtiocfaidh méadú ar a úsáid idir 2011 agus 2040.

______________________________________________________________ [1]

**(iii)** Cad é mar is dócha go n-athróidh úsáid na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh idir 2011 agus 2040?

______________________________________________________________ [1]


**(b)** **(i)** Ainmnigh **aon** fhoinse in-athnuaite **amháin nach bhfuil** sa tábla.

______________________________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh **aon** mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an fhoinse in-athnuaite sin a úsáid.

______________________________________________________________ [1]

**6 (a)** Taispeánann an léaráid thíos tonn.




**(i)** Cé acu litir **A**, **B**, **C**, **D** nó **E** a léiríonn aimplitiúid na toinne sin?

_________________ [1]

**(ii)** Cé acu litir **A**, **B**, **C**, **D** nó **E** a léiríonn tonnfhad na toinne sin?

_________________ [1]

Tá dhá chineál tonnta ann, trastonn agus fadtonn.

**(b)** Luaigh **aon** sampla **amháin** de thrastonn.

______________________________ [1]

**(c)** Úsáid an chothromóid:

**luas toinne = minicíocht × tonnfhad**

le luas toinne a bhfuil tonnfhad 3.4 m agus minicíocht 100 Hz aici a ríomh.

**Taispeáin do chuid oibre.**

_________________ m/s [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

**(d)** Is féidir fadhbanna a bheith ann leis an cheol a chluineann an lucht éisteachta taobh istigh de cheolárais (hallaí éisteachta) mar gheall ar mhacallaí.

**(i)** Cad é is macalla ann?

______________________________________________________________________


______________________________________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh **aon** dóigh **amháin** leis an fhadhb a bhíonn ann taobh istigh de cheolárais (hallaí éisteachta) mar gheall ar mhacallaí a réiteach.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

**7** Taispeánann an léaráid thíos an próiseas a bhaineann le carr ag stopadh.




Bain úsáid as an léaráid agus as do chuid eolais féin leis na téarmaí faid slí smaointeoireachta, coscánaithe agus stoptha a mhíniú nuair is gá do thiománaí stopadh go tobann.

Ba chóir go gcuimseodh do fhreagra:

- cur síos ar gach téarma;
- toisc nach rachaidh i bhfeidhm **ach** ar fhad slí smaointeoireachta **amháin** agus a héifeacht;
- toisc nach rachaidh i bhfeidhm **ach** ar fhad slí coscánaithe **amháin** agus a héifeacht; agus
- toisc a rachaidh i bhfeidhm ar fhad slí smaointeoireachta agus ar fhad slí coscánaithe **araon** agus a héifeacht.

**Sa cheist seo, measúnófar thú ar chaighdeán na cumarsáide scríofa agat, lena n-áirítear úsáid na saintéarmaí eolaíocha.**

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________


______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [6]

**8** **(a)** Bhain dalta úsáid as an fhearas atá ar taispeáint thíos leis an dóigh a dtaistealaíonn teas trí **cheithre** shlat mhiotail dhifriúla a chur i gcomparáid.

Tá stráice péinte ar gach slat a athróidh dath nuair a théifear é.




Rinneadh an t-imscrúdú arís, agus tá na torthaí ar taispeáint thíos.

| **Ábhar na slaite** | **An t-am don phéint tosú a athrú datha/s** | **An t-am don phéint tosú a athrú datha/s** | **Meán-am/s** |
|---|---|---|---|
| copar | 7 | 5 | 6 |
| alúmanam | 11 | 13 | 12 |
| prás | 10 | 15 | 13 |
| cruach | 17 | 21 | 19 |

**(i)** Cé acu miotal arb é an seoltóir is fearr é?


______________________________ [1]

**(ii)** Luaigh **aon** dóigh **amháin** ar chinntigh an dalta go raibh triail bhailí (chothrom) curtha i gcrích.

______________________________

______________________________ [1]

**(b)** Taispeánann an léaráid thíos céatadán an teasa a chailltear ó chodanna difriúla dár dteach.




**(i)** Luaigh **aon** tátal **amháin** is féidir a bhaint as an fhaisnéis sin.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Cuir síos ar **aon** dóigh **amháin** ar féidir caillteanas teasa a laghdú inár dtithe.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Mínigh cad chuige a bhfuil sé tábhachtach caillteanas teasa ónár dtithe a laghdú.


_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

**9** Taispeánann an léaráid thíos an dóigh a stoptar na cineálacha difriúla radaíochta.




**(a)** Ainmnigh na cineálacha radaíochta **X**, **Y** agus **Z**.

**X** ______________________________

**Y** ______________________________

**Z** ______________________________ [2]

**(b)** Cuir síos ar **aon** úsáid **amháin** a bhaintear as radaighníomhaíocht.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

14852.07**R**

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

*Sources:*
*Ceist 1(a). . . . Príomhscrúdaitheoir*
*Ceist 1(b). . . . Príomhscrúdaitheoir*
*Ceist 1(c). . . . © Getty Images*
*Ceist 2(a). . . . © Getty Images*
*Ceist 2(b). . . . © Getty Images*
*Ceist 3(a). . . . Príomhscrúdaitheoir*
*Ceist 4(a). . . . Príomhscrúdaitheoir*
*Ceist 6(a). . . . Príomhscrúdaitheoir*
*Ceist 7 . . . . . © Getty Images / Príomhscrúdaitheoir*
*Ceist 8(a). . . . Príomhscrúdaitheoir*
*Ceist 8(b). . . . Príomhscrúdaitheoir*
*Ceist 9 . . . . . Príomhscrúdaitheoir*

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| **Don Scrúdaitheoir amháin** | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| **Marc Iomlán** | |

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.